# AR CHUALA TÚ?



## *Oíche Chultúir 2022*

Is ócáid náisiúnta é Oíche Chultúir ina gceiliúrtar gach dá gcuimsíonn saibhreas agus éagsúlacht an chultúir in Éirinn an lae inniu; ina nasctar daoine le himeachtaí cultúrtha go háitiúil agus go náisiúnta agus ina n-osclaítear cosáin i dtreo rannpháirtíocht leanúnach.

Ceiliúrann sí cultúr, cruthaitheacht agus na healaíona agus déanann sí iarracht an tuairim a chur chun cinn go gníomhach go bhfuil cultúr saibhir agus éagsúil beo, luachmhar agus á chothú i saol daoine, inniu agus gach lá.

I mbliana, d'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir, i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta 'Taispeántas Grianghrafadóireachta 'Aistear Físiúil trí Chonamara Láir' a bhí ar siúl ar an 23ú Meán Fómhair in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh.



Is taispeántas a bhí ann de na grianghraif, a léiríonn áilleacht nádúrtha agus uathúil an cheantair, atá le feiceáil i bhféilirí Chonamara Láir 2021/2022.

Chuir Tigh Mheaic tae, caifé agus soláistí deasa ar fáil ar an oíche. I dtionlacann an taispeántas grianghrafadóireachta, bhí ceol álainn agus bríomhar dhá seinm ag daltaí óga ó Scoil Cholmáin, Muighinis, agus ag Dáithí Ó Cinnéide agus beirt scoláirí ó Scoil Phobail Mhic Dara- Nóra Ní Bhairéad agus Grace Nic an Iomaire.



Inár dteannta ar an oíche chomh maith bhí

**Fiona Ní Fhlaithearta agus ceamaradóir Setanta Ó Dochartaigh as TG4 agus táimid thar a bheith buíoch go chur siad agallamh ar roinnt daoine a bhí i láthair agus thug siad blaiseadh dár n-ócáid don phobal i gcoitinne.**

**Bhí an-oíche againn agus ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le:**

**-Na grianghrafadóirí ar fad ghlac na pictiúir**

**-Foireann Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Rosmuc**

**-Ceoltóirí óga Scoil Cholmain chomh maith le Dáithí Ó Cinnéide, Nóra agus Grace**

**-Clíona Ní Chualáin as Tigh Mheaic (a chur na sólaistí dea-bhlasta ar fáil)**

**-Fiona Ní Fhlaithearta, Setanta Ó Dochartaigh agus TG4**

**-Socos Teo as na pictiúir a chur ar chanbháis**

**-Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir**

**Agus muintir an cheantair a tháinig amach chun an oíche a cheiliúradh linn.**

**Go mbeirimid beo ar an am seo arís**



***Cuirimid fáilte is fiche roimh na Naíonáin Bheaga nua atá tar éis tosú amach ar scoileanna ar fud cheantar Chonamara Láir. Ba mhaith linn ádh mór a ghuí orthú don scoilbhliain nua. Seo cúpla scoil ón gceantar a sheol pictiúr chugainn:***



Scoil na hÁirde Móire



Scoil na hÁirde Thiar




Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus

# Imeachtaí Gael Linn don Óige 2022 – 23

Tá tús curtha le bliain nua acadúil agus tá Gael Linn ag fáil faoi réir le deiseanna iontacha a chur ar fáil do lucht bunscoile, iar-bhunscoile agus lucht tríú leibhéil páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla Gael Linn a reáchtálfar do dhaoine óga. Beidh imeachtaí ceoil, díospóireachtaí agus caint phoiblí, seónna scoile agus comórtais tallainne á eagrú againn i rith na bliana, a bhformhór urraithe ag Foras na Gaeilge. Is féidir clárú d'imeachtaí/tuilleadh eolais a fháil faoi gach scéim ar www.gael-linn.ie.

As Loch Con Aortha ó dhúchas mé agus is dócha go bhféadfaí a rá go mbainim le dhá 'champa' sa limistéar i gConamara Láir – Cill Chiaráin/Carna ar thaobh mo mháthair agus Ros Muc ar thaobh m'athair. D'fhreastail mé ar Scoil Mhuire, Carna, don bhunscoil agus ar Ghairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, don mheánscoil. Is cinnte gur sheas mo thréimhse sa dá scoil liom sa lá inniu. Spreagadh mé le tabhairt faoin nGaeilge san ollscoil agus tá trí bliana caite agam anois mar Fheidhmeannach i Roinn na Scéimeanna, Gael Linn.

Tá sé seacht mbliana anois ó d'fhág mé Loch Con Aortha agus a thug mé aghaidh ar Chill Dara den chéad uair. Níor cheap mé gur ann a bheinn fós ag cur fúm ach rinne neart an turas céanna romham. Is iomaí duine a chastar orm i bpobal na Gaeilge anseo i gCill Dara le nasc éigin acu le Conamara. Tá an oiread suim acu a bheith ag caint ar na cuimhní áille atá acu den áit – ní thabharfá aon mhilleán dóibh!

Ní hiad na daoine atá thart orm amháin atá nasc acu leis an mbaile. Tá stair láidir ag Gael Linn le Carna agus le Ros Muc. Bhí scéim na scoláireachtaí trí mhí chun na Gaeltachta ar an chéad tionscadal Gaeltachta, áit a dtabharfaí deis do ghasúir bunscoile taobh amuigh den Ghaeltacht cur fúthu sa nGaeltacht agus freastal ar scoil Ghaeltachta. Ansin sna 1950idí bunaíodh an scéim iascaireachta agus chuir Gael Linn báid innill ar fáil do na hiascairí Gaeltachta. Mhol Máirtín Ó Cadhain agus Dónall Ó Móráin go lonnófaí an scéim i gCarna. Bhí baint mhór ag Peadar Ó Cosgartha le tús an scéim agus chuir sé comhairle ar na caomhnóirí faoi shuíomh do mhonarcha le mear-reo a dhéanamh ar iasc agus ar ghlasraí. Is san Aird Thoir a tógadh na monarchan agus is ann a bunaíodh Gael Linn (Carna) Teoranta faoi dheireadh na bliana 1958.




Cinnte, tá athrú tagtha ar ár gclár oibre ó shin ach tá neart deiseanna á gcur ar fáil do ghasúir na Gaeltachta. Cuirtear féilte drámaíochta agus peile ar fáil do lucht na bunscoile. Bhíodh an spraoi againn sa scoil bheag i gCarna agus muid sa halla ag cleachtadh ár gcuid sceitsí le cur os comhair scoileanna eile a bhíodh páirteach i gCoirm Gael Linn in Amharclann na Cathrach. Bhí iomaíocht shláintiúil ar siúl idir na scoileanna ag an am – bheifeá chomh bródúil go raibh tú ar an stáitse ar son do scoil féin. Maidir le cúrsaí peile agus chomh láidir agus atá sé sa mhianach, tá sé i gceist againn teacht ar ais go Ros Muc mí Bealtaine seo chugainn leis an bhFéile Peile. Beidh deis ag scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna i gCúige Chonnacht freastal ar an ócáid.



Tá clár leathan ar fáil againn do dhaltaí iar-bhunscoile chomh maith. Bíonn na díospóireachtaí ar siúl chuile bhliain agus na comórtais ceoil– an comórtas tallainne

Scléip Gael Linn agus Siansa Gael Linn do ghrúpaí ceoil traidisiúnta (12 – 19 bliana d'aois). Bliain mhór a bhí ann do Siansa i mbliana mar gur éirigh liom an chéad Chraobh a eagrú ó ceapadh mar riarthóir ar an gcomórtas mé 3 bliana ó shin. Nach mé a bhí sásta Séamus Ó Flatharta a bheith linn mar mholtóir an oíche chéanna. Ní hé an chéad uair ag muintir Uí Fhlatharta a bheith linn sa gCeoláras Náisiúnta, BÁC - tháinig an grúpa 'Trí Lasadh' as Scoil Phobail Mhic Dara sa tríú háit sa gcomórtas i 2010. Bhí Conall agus Rónán ina mbaill den ghrúpa.

D'éirigh le grúpa a bhí Caoimhe ann áit a fháil i gCraobh 2020 ach faraor caitheadh an ócáid sin a chur ar ceal mar gheall ar an méid a bhí ag tarlú ar fud an domhain ag an am.

Bunaíodh dhá chomórtas nua ó thosaigh mé le Roinn na Scéimeanna - an Comórtas Podchraoladh agus an Comórtas Tráchtaireachta agus tá siad ag fás go sciobtha. Is é Dara Ó Cualáin (faoi thíos ar chlé) a thug leis an Duais Náisiúnta sa gComórtas Tráchtaireachta, 2022.



Beidh Gael Linn ag ceiliúradh 70 bliain ar an bhfód i 2023 agus tá muid cinnte go mbeidh an clár ar cheann de na cinn ab fhearr fós. Cuirfear fáilte mhór roimh aon dhalta atá uathu a bheith páirteach in aon cheann dár gcuid scéimeanna. Tá fáilte freisin teacht chugainn le tacaíocht a lorg le heagrú imeachtaí a thiteann faoinár réimse – go háirithe d'imeachtaí cultúrtha.

Tá gach eolas faoin méid atá ar siúl ag Gael Linn le fáil ar ár suíomh gréasáin. Beidh fáilte mhór roimh mhuintir Chonamar Láir a bheidh páirteach inár gcuid imeachtaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hÚna Bhreathnach agus le hAnne Ní Dhonncha as an fháilte chroíúil a cuireadh romham i dTeach an Údaráis coicís ó shin agus as an deis píosa a scríobh don Nuachtlitir. Guím gach rath ar bhur gcuid oibre.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Mairéad Ní Neachtain ag maireadn@gael-linn.ie nó 087 359 3957.

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

## Ionad Oideachais Pobail Caiseal & Glinnsce

**Ceardlanna Bunoideachas le obair & maireachtáil a dhéanamh níos éasca**

-Cúrsa Cumarsáide ag baint úsáid as ríomhairí
-2.5 uair sa tseachtain ar feadh sé seachtaine
-Tosnú 3/10/2022 @ 7:30 i.n.
-Glaoigh ar 087-2279878/ 087-3626798 má tá suim agat clárú.

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

## Ionad Breisoideachais Ros Muc

**Cúrsa ICDL Saor in Aisce!**

-Ag tosú chuile mhaidin Dé hAoine ag Ionad Breisoideachas Rosmuc
-Glaoigh ar 091-574411/ 086-0653897 chun do áit a chur in áirithe



Bhí CLG na Piarsaigh gnóthach agus iad ag eagrú imeachtaí ar nós Bingó agus 'Car Boot Sale' an mhí seo.



Scoláirí na Chéad Bhliana
Scoil Phobail Mhic Dara 2022



Comhghairdeas leis na mná óga ón gceantar a d'imir le foireann faoi 15 Iarthar na Gaillimhe ar an 17ú Meán Fomhair. Maith sibh Ella agus Amy Ní Chlochartaigh, Molly Ní Chathasaigh agus Aoibhe Seoige.




**Beidh Acadamh na hOllscolaíochta Charna ag reáchtáil cúrsaí i mbliana agus tá cúpla scoláireachtaí á thairiscint ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir do dhaoine atá ina chónaí sa cheantar agus suim acu dul i mbun staidéir ar na cúrsaí seo a leanas:**

**An Dioplóma sa Ghaeilge**

**Dioplóma sa Chultúr Dúchais**

**Tapaigh do dheis!!**

**Chun breis eolais a fháil faoi na cúrsaí seo, téigh i dteagmháil le carna@oegaillimh.ie / 091-494656**

**Tá ríméad orainn é a fhógairt go mbeidh na ceardlanna sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach ag tosú arís sa Mheán Fhómhair. Tá Glór na nOileán agus Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag riar na scéime seo á bhuíochas le hEalaín na Gaeltachta agus Scéim Forbartha na nEalaíon.**

**Is ceardlann sheachtainiúil a bheas ann arís ach go mbeidh sé faoi stiúir beirt scríbhneoir aitheanta agus áitiúla i dhá ionad:**

**-Oifig Chomhairle Ceantar na nOileán (Tír an Fhia, Leitir Mór) le Ciarán Ó Fátharta**

**-Áras na hOllscoile (Carna) le Jackie Mac Donnacha**

**Cuirfear an fhoirm chlárúcháin chugat ach ríomhphost a sheoladh chugainn ag ocpt@conamaralair.ie.**



# 'An Gastraphub is fearr i gConnacht'

Caithfear é a rá go bhfuil an-éacht bainte amach ag Michael, Annemarie, a gclann agus foireann Tigh Chadhain. Ní hamháin go bhfuair siad an 'Gastraphub is fearr' ag an gCraobh Chonnacht i gCora Droma an Rúisc ach tá siad áirithe anois ar na ceithre ghastraphub is fearr sa tír tar éis a bheith san iomaíocht ar an 19ú Meán Fómhair i gCraobh na hÉireann a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath.
Ó chuaigh Michael agus Annemarie i gceannas ar an áit (a bhí ag muintir Mhichael leis na glúnta) sa bhliain 2004, ba é an bhrionglóid a bhí acu ná 'blas na h-áite' a thabhairt do chuairteoirí, ní hamháin ó thaobh bia d'ardchaighdeán a sholáthar ach béim a chur ar an teanga, cultúr agus traidisiún faoi leith atá againn anseo i gConamara chomh maith.
Ar ndóigh, cosúil le gach gnó sa tír, bhí dúshlán mór rompu agus cinntí deacra le déanamh acu nuair a bhuail an pandéim an tír. Bhí orthú a ndoirse a dhúnadh ar feadh beagnach dhá bhliain. Ach áit a bhuil toil tá bealach! Ní chiallaíonn sé sin gur stop siad ag obair! Chonaic siad deiseanna chun an áit a fhorbairt- d'iompaigh siad an bistró ina phantraí, ag déanamh caifé, cístí agus painíní den scoth agus ag díol earraí/táirgí áitúla. Thóg siad áit iontach foscúil chun rogha a thabhairt ithe lasmuigh agus taitneamh a bhaint as radharcanna áille chuan Chill Chiaráin.
Thug siad faoi deara go bhfuil i bhfad níos mó turasóirí ag teacht amach go Conamara tar éis na pandéime mar feiceann siad an bua a bhaineann le saol na tuaithe. Mar a deir Michael, tá sé tábhachtach an pacáiste iomlán atá againn a thaispeáint agus an t-eispéireas uathúil sin a thabhairt dóibh trí bia bhlasta, rogha de beoir áitiúla, an Ghaeilge a bheith á labhairt agus á gcloisteáil acu agus físeáin do dhaoine áitúil agus íomhanna den cheantar a bheith ar an teilifís sa ghastrophub.
Tá foireann Tigh Chadhain thar a bheith bródúil agus sásta as an éacht seo agus an t-aitheantas a fháil dá gcuid obair chrua le linn na blianta. Glacann siad buíochas ó chroí le muintir an phobail as an tacaíocht leanúnach agus gach duine a sheol teachtaireachtaí cineálta croíúil chucu.
Ba mhaith linn comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le Tigh Chadhain faoi bhur ngradam agus an t-aitheantas atá siad ag tabhairt don cheantar. Guíonn muid gach rath oraibh.



# Coirnéal Chomhrá



**Aoi na míosa: Mairéad Ní Neachtain**
**Feidhmeannach le Roinn na Scéimeanna, Gael Linn**

**1. Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Braitheann sé cá bhfuil mé! Iníon 'Bharbara an office' i gCarna agus Iníon Phadraic Pheter Pheadair i Rosmuc.

**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** As Loch Con Aortha dom ó dhúchas, ach tá mé i mo chónaí i gCill Dara le roinnt blianta.

**3. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Fuair mé go leor deiseanna i dtréimhse an-ghearr leis an nGaeilge. D'éirigh liom uaireanta teagaisc a fháil le Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad nuair mé ag déanamh an mháistreacht. Sula raibh an bhliain thart, bhí mé i mo scrúdaitheoir le TEG agus uaidh sin fuair mé deis taisteal go Páras le scrúdú cainte agus scríofa a chur ar fhoghlaimeoirí Gaeilge.

**4. An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Cé nach bhfuil cónaí orm i gceantar Ghaeltachta déarfainn go gcaithim ar a laghad 95% de mo shaol trí Gaeilge. Tá mé ag obair le Gael Linn go lán-aimseartha ag cur deiseanna ar fáil an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga. Is minic a chuirtear ceist orm an labhraím Gaeilge san oifig. Bhuel, nach iontach an rud é i lár chathair Bhaile Átha Cliath nach gcloisfeá ach an Ghaeilge. Ceapadh mar stiúrthóir ar 'Cill Dara le Gaeilge' mé bliain go leith ó shin chomh maith mar sin tá go leor de mo shaol pearsanta sáite sa nGaeilge. Tá beirt fostaí lán-aimseartha againn anois agus tá muid ag obair i dtreo stádas líonra Gaeilge oifigiúil a fháil – 'Líonra Oirthear Life'.

**5. Céard é an béile is fearr leat?** Níl aon rud níos deise ná dinnéar róstaí –go mór mhór le fataí nua!

6. Céard é an boladh is fearr leat? Ceann de na rudaí is mó a airím uaim thuas i gCill Dara ná an fharraige. Níl tada níos deise ná a bheith thiar ar thrá Mhuighrois ar lá breá agus an t-aer úr glan á análú.

**7. Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Is breá liom bia spíosrach – ceapaim go bhfuil an bialann Indiach is fearr i Maigh Cuillinn. Ar ndóigh, is ambasadóir ar leith mé do Supermacs na Gaillimhe !

**8. Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Ní bhíonn mórán ama agam breathnú ar an teilifís, ach is maith liom cláracha grinn ar nós 'The Big Bang Theory', 'Brooklyn Nine-Nine', 'The Office', srl.

**9. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is breá liom ceol. Bíonn ceol ar siúl sa teach an t-am uile. Téim chuig gigeanna go rialta.

**10. An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** Is breá liom aghaidh a thabhairt siar abhaile chomh minic is gur féidir, ach thug mé cuairt ar Ghaeltacht na Rinne faoi dhó le bliain anuas agus an dá uair a raibh mé ann bhí sé ina shamhraidh. Mhairfinn ag tiomáint timpeall na tíre.

**11. Cén cineál scannáin ina bhfuil suim agat iontu?** Dá mbeadh rogha scannán agam, bheadh orm breathnú ar rud éigin nach bhfuil ró-dhorcha!

**12. Bhfuil tú ag léamh aon leabhar faoi láthair?** Níor léigh mé leabhar thús go deiridh ó bhí mé san Ollscoil!

**13. An noiméad don lá is fearr leat?** Is fearr liom i bhfad na tráthnónta seachas an mhaidin – go háirithe sa samhraidh. Ní féidir labhairt liom roimh 11r.n.!

**14. An t-am den bhliain is fearr leat?** Is breá liom an tEarrach. An féir a bheith ag fás, na héin ag ceol agus fad ag teacht ar an lá.

**15. An comhairle is fearr a tugadh duit:** Ná bris nós agus ná tosaigh nós'. Ní féidir leat ach do dhícheall a dhéanamh.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Lucy Ní Mhuineog a bhuaigh comórtas mhí Mheán Fómhair. Thóg sí an pictiúr de scáil na spéire atá le feiceáil sa loch in aice le Gleann Trasna.

Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Is í Johanna Ní Mháille, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, atá i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.

Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí Dheireadh Fómhair chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir.

## Logainm na Míosa:

Crompán:
Ciallaíonn sé góilín/ 'creek'- uiscebhealach foscúil. Úsáitear an focal chun cur síos a dhéanamh ar chéibh nó caladh chomh maith

## Seanfhocal na Míosa:

Ní hiad na fir mhóra a bhaineas an fómhar i gcónaí.

---

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.